RIALACHÁN (AE) 2022/650 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Aibreán 2022

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia ([1]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(2) Féadfar na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) An 3 Lúnasa 2020 cuireadh iarratas isteach chun leasú a dhéanamh ar shonraíochtaí a bhaineann leis an mbreiseán bia, dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)). Cuireadh an t-iarratas sin ar fáil do na Ballstáit sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(4) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 go mbeidh idir 39 % agus 41 % de dhé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) déanta suas d'aigéad aicéiteach saor agus idir 58 % agus 60 % di déanta suas d'aicéatáit sóidiam. Iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí leasú chun go mbeidh idir 39 % agus 43 % d'aigéad aicéiteach saor inti agus idir 57 % agus 60 % d'aicéatáit sóidiam inti.

(5) De réir an iarratasóra, nuair atáthar ag táirgeadh dé-aicéatáit sóidiam, (E 262(ii)) faightear táirge stócaiméadrach ina bhfuil cion 42,3 % d'aigéad aicéiteach saor. Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil méideanna iomarcacha fuinnimh de dhíth chun cion an aigéid aicéitigh shaoir a laghdú go dtí idir 39 % agus 41 %. Dá bhrí sin, leis an méadú go dtí 43 % ar an uasteorainn le haghaidh aigéad aicéiteach, laghdófar an t-am triomaithe le linn an táirgthe, rud a fhágfaidh go laghdófar an fuinneamh is gá agus, dá bhrí sin, go mbeidh próiseas táirgthe níos inbhuanaithe ann.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

(6) De réir an iarratasóra, níl aon athrú eile ar an bpróiseas táirgthe, ní bhíonn aon tionchar ag an méid níos airde d'aigéad aicéiteach i ndé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) ar shábháilteacht agus, ar shlí eile, is ionann an táirge deiridh, i. e. níl aon eisíontas eile ann seachas na heisíontais a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(7) Is é Meitheal na Saineolaithe Rialtais maidir le Breiseáin a phléigh an t-iarratas. Agus an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus an t-aiseolas a fuarthas ón Meitheal sin á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún nach dócha go mbeadh tionchar ag an leasú atá beartaithe ar na sonraíochtaí le haghaidh dé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)) ar shláinte an duine.

(8) Ós rud é nach dócha go mbeidh tionchar ar shláinte an duine ag an méadú ó 41 % go dtí 43 % ar an uasteorainn le haghaidh chion an aigéid aicéitigh shaoir i ndé-aicéatáit sóidiam (E 262(ii)), ní gá tuairim an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a lorg i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, san iontráil a bhaineann le "E 262 (ii) dé-aicéatáit sóidiam", faoi "Sainmhíniú", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe measúnachta:

"Measúnacht	Cion aigéid aicéitigh shaoir idir 39 % agus 43 % agus idir 57 % agus 60 % d'aicéatáit sóidiam."